


An  
Bord  
Pleanála

# Forbairt Bonneagair Straitéisigh

Feabhra 2021



## Maidir leis an treoir seo

Soláthraíonn an treoir seo faisnéis faoi cad is forbairt straitéiseach bonneagair ann agus an próiseas a ghabhann leis. Más mian leat tuairim a thabhairt ar chás reatha um fhorbairt bonneagair straitéisigh, is féidir leat ár ndoiciméad Tuairim a thabhairt ar iarratas ar fhorbairt bonneagair straitéisigh a léamh.

Is mar eolas ginearálta, cúnamh agus treoir amháin a fhoilsítear an treoir seo. Ní léirmhíniú dlíthiúil é ar an reachtaíocht. Ní mór do léitheoirí cloí leis an bhforáil reachtúil a bhaineann lena gcás féin, agus comhairle a fháil ó shaineolaí más gá.

### **Cosaint Sonraí**

Ní úsáideann an Bord Pleanála do shonraí pearsanta ach amháin chun ár seirbhísí a sholáthar agus ár ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh. Scaipfear na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil ar pháirtithe eile lena mbaineann agus beidh siad ar fáil don phobal maidir le haon tsaincheist a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

Gheofar gach ráiteas beartais dár gcuid ar chosaint sonraí ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie)

## Clár

|   |           |
|---|-----------|
| <b>Maidir leis an treoír seo.....</b>   | <b>2</b>  |
| <b>Clár .....</b>   | <b>3</b>  |
| <b>Téarmaí.....</b>   | <b>5</b>  |
| <b>Cad is Forbairt Bonneagair Straitéisigh ann? .....</b>                             | <b>9</b>  |
| Cad iad na cineálacha forbartha bonneagair straitéisigh? .....                        | 9         |
| <b>Céimeanna sa phróiseas forbartha bonneagair straitéisigh .....</b>                 | <b>12</b> |
| An difríocht idir cead pleanála agus ceadú .....                                      | 12        |
| <b>Comhairliúcháin réamhiarratais .....</b>   | <b>14</b> |
| Cuspóir comhairliúcháin réamhiarratais agus i gcás ina bhfuil feidhm leis.....        | 14        |
| An pobal a choimeád ar an eolas faoi na comhairliúcháin réamhiarratais .....          | 15        |
| Cad a tharlóidh tar éis do na comhairliúcháin réamhiarratais a bheith críochnaithe? . | 15        |
| <b>Scópáil.....</b>   | <b>17</b> |
| Scópáil agus cathain a dhéantar é.....  | 17        |
| An pobal a choinneáil ar an eolas faoi na hiarrataí ar scóipeáil .....                | 17        |
| <b>Iarratais .....</b>  | <b>19</b> |
| An pobal a chur ar an eolas faoi iarratas a rinneadh.....                             | 19        |
| Cóipeanna den iarratas a fheiceáil nó a fháil .....                                   | 20        |
| Ag glacadh páirte sa phróiseas iarratais .....  | 20        |
| <b>Éisteachtaí ó bhéal agus cruinnithe.....</b>                                       | <b>23</b> |
| Éisteachtaí ó bhéal .....   | 23        |
| Éisteachtaí ó bhéal le clár oibre teoranta.....                                       | 24        |
| Cruinnithe .....  | 24        |
| <b>Eolas eile nó eolas breise .....</b>   | <b>25</b> |
| <b>Cinneadh an Bhoird.....</b>  | <b>26</b> |
| Na rudaí a chuireann an Bord san áireamh agus iarratas á chinneadh .....              | 26        |
| Sárú ábhartha ar phlean forbartha áitiúil.....  | 27        |
| Moladh an chigire .....   | 27        |
| An tréimhse ama chun cinneadh a dhéanamh.....   | 27        |
| Fógra faoi chinneadh an Bhoird.....   | 28        |
| <b>Tar éis don Bhoird a chinneadh a dhéanamh.....</b>                                 | <b>29</b> |
| Athruithe ar fhorbairt tar éis dó cead pleanála nó ceadú a fháil .....                | 29        |
| Sonraí a aontú .....  | 30        |
| Cinneadh an Bhoird a achomharc .....  | 31        |
| Ag féachaint ar an gcáschomhad cinnte: rochtain phoiblí .....                         | 31        |
| Athbhreithniú Breithiúnach.....   | 31        |
| Gearáin faoin tslí a phléigh an Bord leis an tionscadal .....                         | 32        |

|  |           |
|--|-----------|
| <b>Costais .....</b>   | <b>33</b> |
| <b>A chinntiú go leantar cinneadh an Bhoird: Forfheidhmiú .....</b>                                  | <b>35</b> |
| <b>Cineálacha forbartha bonneagair straitéisigh .....</b>  | <b>37</b> |
| Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt .....   | 37        |
| Catagóir 1: Seachtú Sceideal FBS .....   | 37        |
| Catagóir 2: Forbairtí stáit a éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta / measúnú oiriúnachta ..... | 38        |
| Catagóir 3: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Tarchuir Leictreachais .....                            | 39        |
| Catagóir 4: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Gáis.....   | 39        |
| Catagóir 5: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Údaráis Áitiúil .....                                   | 40        |
| Athruithe ar fhorbairtí ceadaithe bonneagair straitéisigh.....                                       | 41        |
| Na hAchtanna um Bóithre.....   | 41        |
| Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930.....  | 43        |
| An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001 .....   | 43        |
| <b>Reachtaíocht .....</b>  | <b>45</b> |
| <b>Déan teagmháil linn.....</b>  | <b>46</b> |

## Téarmaí

Téarmaí a úsáidtear sa treoir seo:

|   |   |
|---|---|
| <b>Acht</b>   | Dlí atá achtaithe ag an Oireachtas (parlaimint) agus ceadaithe ag an Uachtarán.   |
| <b>Gníomhaire</b>   | Duine a ghníomhaíonn ar do shon in achomharc, iarratas nó tarchur.  |
| <b>Treoir maidir le hÉin</b>                                    | Acht reachtach de Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle na hEorpa chun éin fhiáine a chosaint.  |
| <b>Bord</b>   | Bord an Bhoird Pleanála.  |
| <b>Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT)</b> | Cáipéis a ullmhaíonn iarratasóir ina ndéantar measúnú ar an tionchar is dócha a bheidh ag an fhorbairt bheartaithe ar an gcomhshaol.  |
| <b>Láithreán Eorpach</b>  | Limistéar atá ainmnithe nó a bheartaítear a ainmniú mar: <ul style="list-style-type: none"><li>• láithreán a bhfuil tábhacht Chomhphobail leis,</li><li>• limistéar faoi chaomhnú speisialta,</li><li>• limistéar faoi chosaint speisialta.</li></ul> |
| <b>Treoir maidir le Gnáthóga</b>                                | Sraith achtanna reachtacha de chuid Chomhairle na hEorpa chun gnáthóga nádúrtha a chaomhnú agus ainmhithe agus plandaí atá neamhchoitianta, faoi bhagairt nó a bhaineann go heisiach le háit ar leith a chosaint.                                     |
| <b>Neamhbhailí</b>  | Ní chomhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneois é.  |

|  |   |
|--|---|
| <b>Taiscthe, a Thaisceadh</b>  | Rud éigin a thabhairt nó a chur isteach chuig an mBord Pleanála.  |
| <b>Ráiteas tionchair Natura (RTN)</b>  | Cáipéis a ullmhaíonn iarratasóir ina ndéantar measúnú ar an tionchar is dócha a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol.   |
| <b>Tuairim</b>   | Doicméad a chuireann <b>Duine a thugann tuairim</b> isteach (féach <b>Aighneacht</b> freisin).  |
| <b>Duine a Thugann Tuairim (Iarratais)</b>   | Duine ar bith, taobh amuigh den iarratasóir, a thráchtann ar an iarratas.   |
| <b>Éisteacht ó bhéal</b>   | Is cruinniú é éisteacht ó bhéal ag ar féidir gach saincheist i gcás a phlé agus a scrúdú.   |
| <b>Ár</b>  | An Bord Pleanála.   |
| <b>Údarás pleanála</b>   | An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle contae agus cathrach – atá freagrach as pleanáil ina cheantar.   |
| <b>Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000: Achtanna um Pleanáil agus Forbairt (leasaithe)</b> | Acht den Oireachtas a achtaíodh in 2000 maidir le nithe a rialaíonn córas pleanála na hÉireann. Rinneadh codanna d’Acht 2000 a athrú nó a leasú le roinnt Achtanna eile. Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2018 a thugtar orthu seo in éineacht. |
| <b>Comhlacht forordaithe</b>   | Eagraíocht nó comhlacht atá sonraithe i rialacháin a rinne an tAire.  |

|  |   |
|--|---|
| <b>Rochtain an phobail</b>                           | Tar éis cás a chinneadh, is féidir leat féachaint ar cháschomhad chinnte trí lá tar éis an chinnidh. Rochtain an phobail a thugtar air seo.   |
| <b>Rialacháin</b>                                    | Dlí nó rialacha a rinneadh faoi Acht nó uaireanta faoi ordú Aire Rialtais.  |
| <b>Scóip</b>   | Nós imeachta roghnach a fhaightear i dtreoracha AE is ea scóip. Cumasaíonn scópáil d'iarratasóirí ionchasacha iarraidh ar an údarás toilithe (mar shampla: An Bord Pleanála) chun tuairim i scríbhinn a thabhairt ar an bhfaisnéis a bheidh ag teastáil i dtuarascáil measúnachta tionchair timpeallachta nó i Ráiteas Tionchair Natura maidir le forbairt bheartaithe. |
| <b>Scagadh</b>                                       | Nós imeachta roghnach is ea scagadh mar ar féidir leis an iarratasóir ionchasach cinneadh maidir le scóipeáil Measúnaithe Oiriúnachta (MO) a iarraidh ar an mBord Pleanála maidir le forbairt bheartaithe.  |
| <b>Láithreán a bhfuil tábhacht Chomhphobail leis</b> | Suíomh atá liostaithe mar shuíomh atá tábhachtach don Chomhphobal Eorpach agus atá ar liosta ar ghlac an Coimisiún Eorpach leis faoin Treoir maidir le Gnáthóga.  |
| <b>Limistéar faoi chaomhnú speisialta</b>            | Láithreán atá ainmnithe mar limistéar speisialta caomhantais faoin Treoir maidir le Gnáthóga.   |
| <b>Limistéar faoi chosaint speisialta</b>            | Limistéar atá aicmithe mar limistéar speisialta faoin Treoir maidir le hÉin.  |

|   |   |
|---|---|
| <b>Reachtúil</b>                              | Rud éigin a shocraítear, a bhunaítear nó a rialaítear le dlí reachtach. Dlí a achtaíonn an tOireachtas (an pharlaimint) is ea an dlí reachtach.   |
| <b>Riachtanais reachtúla</b>                  | Ceanglais a theastaíonn faoin dlí maidir le: <ul style="list-style-type: none"> <li>• cás, tuairim, aighneacht nó iarraidh a bheith bailí, nó</li> <li>• gníomh nó nós imeachta éigin le déanamh le linn cás a phróiseáil.</li> </ul> |
| <b>Forbairt bonneagair straitéisigh (FBS)</b> | Seoltar iarratais ar chead pleanála go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás mórfhorbairtí bonneagair de chuid údaráis áitiúil, údaráis Stáit agus na hearnála príobháidí.   |
| <b>Aighneacht</b>                             | Doiciméad maidir le hachomharc nó iarratas a bhféadfadh míreanna tacaíochta ar nós grianghraf, pleananna, líníochtaí agus treoir theicniúil a bheith san áireamh ann. (Is féidir doiciméad clóscríofa nó lámhscríofa a chur ar fáil.) |
| <b>Bailí</b>                                  | Comhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneodh an Bord mar chás é.   |
| <b>Muid</b>                                   | An Bord Pleanála.   |
| <b>Sinn</b>                                   | An Bord Pleanála.   |
| <b>Tusa</b>                                   | Tusa mar dhuine, cuideachta, grúpa, eagraíocht nó údarás Stáit.   |



## **Cad is Forbairt Bonneagair Straitéisigh ann?**

Clúdaíonn forbairt bonneagair straitéiseach raon leathan forbairtí. Mar sin féin, is féidir cur síos a dhéanamh air go ginearálta mar fhorbairt a bhfuil tábhacht straitéiseach eacnamaíoch nó sóisialta ag baint léi d'Éirinn, don réigiún nó do cheantair áitiúla.

Cuimsíonn Forbairtí Bonneagair Straitéisigh forbairt:

- a chuirfeadh go mór le haon cheann de chuspóirí an Chreata Pleanála Náisiúnta a chomhlíonadh, nó
- a chuirfeadh go mór le haon straitéis spásúil agus eacnamaíoch réigiúnach do limistéar a chomhlíonadh, nó
- beidh éifeacht shuntasach acu ar réimse níos mó ná údarás pleanála amháin.

Ó 2007, ní chuirtear iarratais phleanála d'fhorbairt bonneagair straitéiseach atá beartaithe faoi bhráid an údaráis phleanála áitiúil ach ina ionad sin cuirtear faoi bhráid an Bhoird Phleanála iad le haghaidh cinnidh. Níl aon achomhairc ar chinneadh an Bhoird Phleanála.

### **Cad iad na cineálacha forbartha bonneagair straitéisigh?**

Tá cineálacha éagsúla forbartha bonneagair straitéisigh ann agus is féidir le grúpaí príobháideacha, údaráis áitiúla nó údaráis Stáit iad seo a dhéanamh.

Tá forbairtí príobháideacha ar scála mór áirithe liostaithe sa 7ú Sceideal de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Is forbairtí iad seo a mbíonn measúnú tionchair timpeallacht de dhíth maidir leo de ghnáth agus a ndeimhníonn an Bord go gcomhlíonann siad critéir áirithe tar éis próiseas comhairliúcháin réamhiarratais.

Roinneann an 7ú sceideal forbairtí i gcatagóirí agus i gcineálacha éagsúla forbartha a rangáítear mar fhorbairtí bonneagair straitéisigh. Gheofar roinnt samplaí sa tábla thíos.

|                                    |   |
|------------------------------------|---|
| <p><b>Bonneagar fuinnimh</b></p>   | <p>Samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• stáisiún cumhachta teirmí,</li> <li>• scaglann amhola.</li> <li>• píblíne ola</li> <li>• stóras gáis nádúrtha,</li> <li>• suiteáil hidrileictreach, agus</li> <li>• feirm ghaoithe a bhfuil os cionn 25 tuirbín gaoithe i gceist leis nó a bhfuil os cionn 50 meigeavata d’aschur iomlán aige.</li> </ul>  |
| <p><b>Bonneagar Iompair</b></p>    | <p>Samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• saoráid paisinéirí nó earraí,</li> <li>• foirgneamh le haghaidh iarnróid nó trambhealach, agus</li> <li>• calafort nó fearas poirt.</li> </ul>   |
| <p><b>Bonneagar comhshaoil</b></p> | <p>Samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Suiteáil diúscartha dramhaíola le haghaidh loscadh, cóireála ceimiceáin nó líonadh talún.</li> <li>• Gléasraí cóireála fuíolluisce a fhreastalaíonn ar bhreis agus 10,000 duine,</li> <li>• Uisce a aistriú idir abhantracha,</li> <li>• Damba,</li> <li>• Uiscianta os cionn talún,</li> <li>• Oibreacha canála nó faoisimh tuile, agus</li> <li>• Oibreacha cósta chun creimeadh a chomhrac nó oibreacha muirí atá in ann an cósta a athrú.</li> </ul> |
| <p><b>Bonneagar sláinte</b></p>    | <p>Samplaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Saoráid cúraim sláinte</li> </ul>  |

Le bheith rangaithe mar bhonneagar straitéiseach caithfidh forbairt bheartaithe critéir áirithe a chomhlíonadh. Mar shampla: ní dhéanfaí feirm ghaoithe beartaithe de 20 tuirbín gaoithe le haschur iomlán de 45 meigeavata a aicmiú mar fhorbairt bonneagair straitéisigh toisc nach gcomhlíonadh sí na critéir atá liostaithe sa 7ú Sceideal de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Dhéanfaí an t-iarratas chuig an údarás pleanála áitiúil don cheantar sin. Is féidir cinneadh an údaráis áitiúil a achomharc chuig an mBord Pleanála.

Dhéanfaí feirm ghaoithe beartaithe de 30 tuirbín gaoithe le haschur iomlán de 60 meigeavata a aicmiú mar fhorbairt bonneagair straitéisigh toisc go gcomhlíonadh sí na critéir atá liostaithe sa 7ú Sceideal de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Chuig an mBord Pleanála a dhéanfaí an t-iarratas. Níl aon achomhairc ar chinneadh an Bhoird.

Chomh maith le forbairtí 7ú Sceideal, áirítear le forbairt bonneagair straitéisigh:

- forbairt bheartaithe ag údaráis áitiúla ina gceantar féin ar gá Measúnú Tionchair Timpeallachta maidir léi,
- forbairtí áirithe ag an Stát ar gá Measúnú Tionchair Timpeallachta maidir leo,
- mór-phíblínte gáis agus na críochfoirt, na foirgnimh agus na suiteálacha a ghabhann leo,
- sreanga tarchuir leictreachais ardvoltais (110kv nó níos mó) agus idirnaisc,
- mótarbhealaí agus bóithre móra eile,
- forbairt ag údarás áitiúil nó thar a cheann ar an urthrá,
- oibreacha iarnróid lena n-áirítear córais iarnróid éadroim agus mearchóras agus forbairt tráchtála ghaolmhar áirithe ar thalamh cóngarach, agus
- ceannach éigeantach talún a ghabhann le roinnt de na forbairtí thuas.

Gheofar sonraí iomlána na gcritéir d'fhorbairtí atá le rangú mar bhonneagar straitéiseach le fáil in Achtanna ábhartha an Oireachtais. Mar shampla: maidir le 7ú Forbairt Sceideal tá na critéir liostaithe sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.

## Céimeanna sa phróiseas forbartha bonneagair straitéisigh

Braitheann na nósanna imeachta ar an gcineál cáis. I roinnt cásanna beidh próiseas trí chéim de chomhairliúcháin réamhiarratais, scóip agus an t-iarratas ina dhiaidh sin.

D'fhéadfadh nach mbeadh ach dhá chéim de chomhairliúcháin réamhiarratais i gcásanna áirithe agus iarratas ina dhiaidh sin. Is rogha é scópáil ar féidir nár mhaith le hiarratasóir é a iarraidh sula ndéanann siad iarratas.

Seo an próiseas trí chéime:

|   |  |
|---|--|
| <b>1 Comhairliúcháin réamhiarratais</b> | Iarrann iarratasóir ionchasach ar chead / cheadú / toiliú eile comhairliúcháin réamhiarratais leis an mBord Pleanála.  |
| <b>2 Scóip</b>                          | Iarrann iarratasóir ionchasach ar an mBord Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a 'scóipeáil' don tionscadal |
| <b>3 Iarratas</b>                       | Cuireann an t-iarratasóir iarratas isteach ar chead pleanála, ceadú nó toiliú eile chuig an mBord Pleanála.            |

### An difríocht idir cead pleanála agus ceadú

Déantar iarratais ar chead pleanála le haghaidh forbairtí 7ú Sceideal. Sna cásanna seo, cinntí an Bord cead a thabhairt, cead a thabhairt le coinníollacha nó cead a dhiúltú.

Is iondúil go ndéantar iarratais ar fhormheas ar gach forbairt bonneagair straitéisigh eile. Mar shampla: in iarratas ar scéim bóithre áitiúil, féadfaidh an Bord a chinneadh coinníollacha a cheadú, a cheadú nó diúltú iad a cheadú. In iarratas ar mhótarbhealach, féadfaidh an Bord a chinneadh é a cheadú, é a cheadú le

mionathruithe, nó diúltú é a cheadú. Féadfaidh cásanna eile téarmaíocht dhifriúil a úsáid.

Seachas téarmaíocht, níl aon difríocht shuntasach ann toisc go bhféadfadh an Bord aontú leis an togra, aontú leis an togra ach cinneadh a dhéanamh go bhfuil gá le hathruithe chun dul ar aghaidh leis an togra nó ní aontaíonn an Bord leis an togra

## Comhairliúcháin réamhiarratais

### Cuspóir comhairliúcháin réamhiarratais agus i gcás ina bhfuil feidhm leis

Caithfear comhairliúcháin réamhiarratais a iarraidh sula ndéantar iarratas ar chead nó ar cheadú chuig an mBord Pleanála. Ina measc seo tá na cásanna seo a leanas ina bhfuil siad éigeantach:

- Forbairtí 7ú Sceideal
- Forbairtí stáit nó údaráis áitiúil
- sreanga tarchuir leictreachais nó idirnascairí,
- forbairtí bonneagair gáis:
- forbairt bonneagair iarnróid.

Maidir le forbairtí bóthair, is féidir comhairliúcháin réamhiarratais a iarraidh ar an mBord Pleanála sula ndéantar iarratas.

Is é an sprioc atá le comhairliúcháin réamhiarratais ná a chinntiú go bhfuil iarratas ar chead nó ar cheadú ar ardchaighdeán. Chiallódh sé seo de ghnáth i gcás an iarratasóra, sula ndéantar an t-iarratas:

- gurb eol dó/di na gnásanna cearta le leanúint,
- go mbíonn deis aici/aige an phleanáil cheart agus an fhorbairt inbhuanaithe a mheas,
- go mbíonn deis aici/aige aghaidh a thabhairt agus breithniú a dhéanamh ar éifeachtaí na forbartha beartaithe ar an gcomhshaol agus ar ghnáthóga

Is saincheisteanna iad seo a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhreithniú an Bhoird ar an iarratas sa todhchaí. Tugann comhairliúcháin réamhiarratais deis don Bhord Pleanála comhairle a chur ar iarratasóir má tá fadhbanna ar leith leis an togra.

Féadfaidh an Bord Pleanála comhairle a thabhairt don iarratasóir maidir le comhairliúchán poiblí. Cuirtear deireadh leis na comhairliúcháin réamhiarratais nuair a chuireann an t-iarratasóir in iúl don Bhord Pleanála gur mian leo na

comhairliúcháin a thabhairt chun críche. Níl aon teorainn ama ann chun na comhairliúcháin a chur i gcrích.

Más mian le hiarratasóir iarratas a dhéanamh ar fhorbairt 7ú Sceideal nó ar fhorbairt bonneagair straitéisigh eile, breithneoidh an Bord Pleanála an mbeadh tábhacht straitéiseach eacnamaíoch nó shóisialta ag baint leis an bhforbairt, nó an gcomhlíonann sé critéir áirithe eile a mheasfaí mar fhorbairt bonneagair straitéisigh. Ansin tabharfaidh an Bord a thuairim gur forbairt bonneagair straitéisigh a bheadh san fhorbairt a bheartaítear nó nach ea. Cuirfidh an Bord an cinneadh in iúl don iarratasóir agus don údarás pleanála áitiúil.

### **An pobal a choimeád ar an eolas faoi na comhairliúcháin réamhiarratais**

Nuair a fhaigheann an Bord Pleanála iarraidh ar chomhairliúcháin réamhiarratais, cuirfidh an iarraidh san áireamh sa liosta seachtainiúil de ‘chásanna a fuarthas’ ar ár suíomh Gréasáin.

e ‘cásanna a socraíodh’ ar ár suíomh Gréasáin. Nuair a bheidh na comhairliúcháin réamhiarratais críochnaithe, cuirfidh iad san áireamh sa liosta seachtainiúil de ‘chásanna a fuarthas’ ar ár suíomh Gréasáin.

Nuair a bheidh deireadh leis an gcomhairliúchán réamhiarratais, is féidir féachaint ar an gcáschomhad tríd ár seirbhís rochtana poiblí. Beidh cuntas sa cháschomhad d’aon chruinniú idir An Bord Pleanála agus an t-iarratasóir ionchasach a thionóltar le linn an phróisis chomhairliúcháin réamhiarratais.

### **Cad a tharlóidh tar éis do na comhairliúcháin réamhiarratais a bheith críochnaithe?**

De ghnáth is féidir le hiarratasóirí ionchasacha iarratas a dhéanamh chuig an mBord ar chead nó ar cheadú nuair a bheidh na comhairliúcháin curtha i gcrích agus tar éis

don Bhord a chinneadh cibé an forbairt straitéiseach í an fhorbairt atá beartaithe, nó nach ea.

Má tá iarratasóir ag déanamh iarratais ar fhorbairt 7ú Sceideal nó ar fhorbairt bonneagair straitéisigh eile, caithfidh a thuairim a bheith tugtha ag an mBord go meastar gur forbairt bonneagair straitéisigh é an togra. Leis an tuairim seo, is féidir leis an iarratasóir a iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála.

Má thugann an Bord a thuairim nach gcomhlíonann an fhorbairt a bheartaítear na critéir riachtanacha chun é a mheas mar fhorbairt straitéiseach, caithfear an t-iarratas pleanála a dhéanamh ar an ngnáthbhealach chuig an údarás pleanála áitiúil. Tar éis don údarás pleanála a chinneadh a dhéanamh, is féidir cinneadh an údaráis phleanála a achomharc chuig an mBord Pleanála.



# Scópáil

## Scópáil agus cathain a dhéantar é

Nós imeachta roghnach a fhaightear i dtreoracha AE is ea scópáil. Tugann sé deis don iarrthóir ionchasach iarraidh ar an mBord Pleanála tuairim i scríbhinn a thabhairt ar an bhfaisnéis a bheidh ag teastáil i dtuarascáil measúnachta tionchair timpeallachta le forbairt bheartaithe. Is cuid é seo de ról an Bhoird Phleanála mar údarás toilithe don iarratas.

I gcás forbairt bonneagair straitéisigh, is iarrataí deonacha iad iarrataí ar scóipeáil agus is féidir iad a dhéanamh le haghaidh:

- Forbairtí 7ú Sceideal,
- forbairtí údarais áitiúil,
- forbairtí Stáit,
- sreanga tarchuir leictreachais nó idirnascairí,
- forbairtí gáis, agus
- forbairtí iarnróid, agus
- forbairtí bóthair.

Féadfaidh an Bord a iarraidh ar chomhlachtaí forordaithe a shonraítear sna Rialacháin Pleanála agus Forbartha páirt a ghlacadh agus a gcuid tuairimí a thabhairt sa phróiseas scóipeála.

## An pobal a choinneáil ar an eolas faoi na hiarrataí ar scóipeáil

Nuair a fhaigheann an Bord Pleanála iarratas scóipeála, cuirfimid an t-iarratas san áireamh sa liosta seachtainiúil de ‘chásanna a fuarthas’ ar ár suíomh Gréasáin. Nuair a bheidh sé sin déanta, cuirfimid iad san áireamh é sa liosta seachtainiúil de ‘chásanna a fuarthas’ ar ár suíomh Gréasáin.

Nuair a bheidh an iarraidh ar scóipeáil tugtha chun críche, beidh cáschomhad an Bhoird Phleanála ar fáil lena léamh agus lena cheannach. Is féidir leat na cáschomhaid chinnte seo a léamh trínár seirbhís rochtana poiblí.

# Iarratais

## An pobal a chur ar an eolas faoi iarratas a rinneadh

Sula ndéanfaidh sé iarratas chuig an mBord Pleanála, ní mór don iarratasóir ionchasach fógra faoin iarratas beartaithe a fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear sa limistéar ina bhfuil an fhorbairt bheartaithe le bheith. I bhformhór na gcásanna, beidh fógraí suímh ag teastáil freisin.

Déanfaidh na fógraí seo:

- ainm an iarratasóra a thabhairt,
- sonraí faoi nádúr agus suíomh na forbartha beartaithe a thabhairt,
- a rá cibé an gá Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus an bhfuil ceann ullmhaithe ag an iarratasóir,
- a rá cibé an gá Ráiteas Tionchair Natura (NIS) agus an bhfuil ceann ullmhaithe ag an iarratasóir,
- na hamanna agus na háiteanna inar féidir an t-iarratas, Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Natura a fheiceáil agus cóipeanna de cheannach a thabhairt,
- a rá gur gá iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chead nó ceadú pleanála ag brath ar an gcineál cáis,
- a rá cad iad na cineálacha cinntí is féidir leis an mBord a dhéanamh,
- a rá gur féidir leis an bpobal tuairimí a thabhairt don Bhord Pleanála ar an bhforbairt bheartaithe (tabharfar sé seachtaine ar a laghad chuige sin), agus
- a rá gur féidir le comhlachtaí forordaithe tuairimí a thabhairt don Bhord Pleanála ar an iarratas beartaithe.

Foilseoidh an Bord Pleanála sonraí an iarratais a fuaireamar sa liosta seachtainiúil de chásanna nua ar ár suíomh gréasáin.

## Cóipeanna den iarratas a fheiceáil nó a fháil

Tá dhá shlí le cóipeanna den iarratas a fheiceáil nó a fháil.

### Suíomh Gréasáin an Iarratasóra

Ní mór don iarratasóir láithreán gréasáin a chur ar fáil mar ar féidir féachaint ar an iarratas. Gheobhaidh tú seoladh an láithreáin ghréasáin ar an bhfógra nuachtáin **agus** ar an bhfógra láithreáin. Tabharfaidh na fógraí eolas don phobal ar an tslí le tuaim a thabhairt don Bhord Pleanála i dtaobh an iarratais.

### Cóipeanna crua ag oifig an Bhoird Pleanála agus in oifig an údaráis pleanála áitiúil

Caithfidh an t-iarratasóir cóipeanna páipéir den iarratas a thabhairt don Bhord Pleanála agus don údarás pleanála áitiúil agus tá siad ar fáil le lena léamh ar feadh **sé seachtaine** ar a laghad. Is féidir féachaint ar na hiarratais in oifig an Bhoird Pleanála agus in oifig an údaráis pleanála áitiúil. Má tá an fhorbairt i níos mó ná limistéar údaráis phleanála amháin, beidh cóipeanna den iarratas ar fáil i ngach údarás pleanála áitiúil. Beidh na doiciméid ar fáil le léamh saor in aisce. Nó is féidir cóip den iarratas a cheannach ar tháille shonraithe ag brath ar líon agus leagan amach na leathanach sna doiciméid iarratais.

Is féidir Tuarascáil Mheasúnaithe Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Natura nó Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura araon a chur isteach leis an iarratas. Más amhlaidh, is féidir féachaint air agus é a cheannach ag oifig an Bhoird Pleanála agus in oifig an údaráis pleanála.

## Ag glacadh páirte sa phróiseas iarratais

Is féidir le duine ar bith tuairim a thabhairt don Bhord Pleanála laistigh den tréimhse ama a cheadaítear. Is é an tréimhse ama **sé seachtaine** ar a laghad ón dáta a shonraítear san fhógra nuachtáin nó san fhógra láithreáin. Is í an tréimhse ama a

shonraítear san fhógra an tréimhse ama chéanna inar féidir leat cóipeanna den iarratas a fheiceáil agus a cheannach.

Sula dtugann tú tuairim, is féidir leat na cáschomhaid chinnte seo a léamh trínár seirbhís rochtana poiblí.

Má tá tuairim á tabhairt agat, ba chóir go mbeadh do thuairimí ann faoi éifeachtaí féideartha na forbartha beartaithe ar:

- pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair,
- timpeallacht na forbartha beartaithe, agus
- láithreán Eorpach, más cuí.

Tá riachtanais eile ann le go mbeidh an tuairim bailí. Ní mór duit:

|   |  |
|---|--|
| ✓ | do thuairim a thabhairt i scríbhinn (clóscríofa nó lámhscríofa)  |
| ✓ | Ní mór duit <b>d'ainm agus do sheoladh poist</b> a scríobh go soiléir. Más gníomhaire atá ag tabhairt na tuairime ar do shon, ní mór don ghníomhaire a ainm agus a sheoladh a thabhairt <b>mar aon le</b> d'ainmse agus do sheoladh.   |
| ✓ | dóthain mionsonraí a thabhairt le gur féidir an t-iarratas is ábhar don tuairim a aithint gan dua. Seo samplaí de na mionsonraí a nglacaimid leo: <ul style="list-style-type: none"><li>• ainm agus suíomh an iarratais (mar shampla: Tionscadal Chearnóg an Bhaile, An Phríomhshráid, Baile an Bhaile, Co. an Bhaile) <b>nó</b></li><li>• uimhir thagartha an Bhoird Pleanála don iarratas.<br/>(mar shampla: ABP-300000-20).</li></ul> |
| ✓ | na rudaí seo a leanas a thabhairt dúinn: <ul style="list-style-type: none"><li>• na forais phleanála le do thuairim (cúisanna agus argóintí), <b>agus</b></li><li>• aon mhír eile is mian leat a chur leis chun tacú le forais do thuairime.</li></ul>   |
| ✓ | féachaint chuige go bhfaigheann an Bord Pleanála an tuairim laistigh den tréimhse ama a thugtar san fhógra poiblí faoin iarratas.  |
| ✓ | an táille cheart de €50 a íoc ( <b>ach amháin</b> más comhlacht forordaithe tú).   |
| ✓ | do thuairim in am agus laistigh den tréimhse ama shonraithe.   |

Mínítear iad seo ar shlí níos iomláine inár dtreoir maidir le conas tuairim a thabhairt ar iarratas ar fhorbairt bonneagair straitéisigh.

Le linn an phróisis iarratais, féadfaidh an Bord Pleanála cinneadh a dhéanamh éisteacht ó bhéal a reáchtáil nó féadfaidh sé a chinneadh faisnéis shuntasach bhreise a iarraidh faoin iarratas.

Má tá tuairim á tabhairt agat, áfach, tá sé an-tábhachtach go n-ullmhaíonn tú d'fhorais tuairime (cúiseanna agus argóintí) go cúramach agus aon doiciméid is mian leat a chur san áireamh. **Ní bheidh** cead agat aon rud eile a chur isteach tar éis an tuairim a thabhairt, ach amháin má iarraidimid ort. **Ní féidir** leis an mBord Pleanála aon saincheist a chur san áireamh nach saincheist phleanála í.

# Éisteachtaí ó bhéal agus cruinnithe

## Éisteachtaí ó bhéal

Tá an chumhacht ag an mBord éisteacht ó bhéal a thionól ar iarratas nó in éagmais iarratais. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Bord a mheas gur féidir na saincheisteanna a bhaineann leis an gcás a mheas go leordhóthanach agus go hiomchuí trí thuairimí agus aighneachtaí i scríbhinn.

Féadfaidh an t-iarratasóir agus aon duine a thugann tuairim don Bhord Pleanála faoin iarratas éisteacht ó bhéal a iarraidh. Má d'íoc tú an táille iarratais nó an táille € 50 chun tuairim a thabhairt, níl aon táille bhreise ann chun éisteacht ó bhéal a iarraidh.

cinneadh an Bhoird éisteacht ó bhéal a thionól,

- scríobhfaimid chuig na rannpháirtithe uile sa chás faoi na socruithe don éisteacht ó bhéal.
- foilseoimid ar ár suíomh Gréasáin sonraí faoin éisteacht ó bhéal agus an clár oibre.

Áirítear ar chumhachtaí an chigire ag an éisteacht ó bhéal:

- an éisteacht ó bhéal a reáchtáil go héifeachtúil agus gan foirmiúlacht gan ghá
- teorannú a dhéanamh ar an am a chaitheann daoine ag déanamh pointí nó argóintí
- diúltú pointe argóna nó d'argóint nach mbaineann leis an éisteacht ó bhéal a cheadú nó diúltú do mhíreanna atá ag athrá míreanna a luadh cheana.
- ligean nó diúltú do dhuine tuairim a thabhairt ag an éisteacht ó bhéal nach ndearna amhlaidh cheana féin le linn na tréimhse ama ina bhféadfaí tuairimí a thabhairt don Bhord Pleanála.

Gheofar eolas inár dtreoir d'éisteachtaí ó bhéal mar gheall ar:

- conas ullmhú faoi choinne éisteacht ó bhéal,
- cé a bhíonn i láthair ag éisteacht ó bhéal,
- cad a tharlaíonn de ghnáth ag éisteacht ó bhéal, agus
- cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin.

### Éisteachtaí ó bhéal le clár oibre teoranta

Féadfaidh an Bord a chinneadh freisin go ndéanfar éisteacht ó bhéal “clár oibre teoranta” a thionól, i ngeall ar na saincheisteanna atá i gceist san fhorbairt bheartaithe. Is féidir go mbeidh sé seo bunaithe ar mholadh ón gcigire a bheidh i gceannas ar an éisteacht ó bhéal. Má dhéantar éisteacht ó bhéal ar chlár oibre teoranta, ní dhíreoidh sé **ach amháin** ar na saincheisteanna atá sa chlár oibre teoranta.



Má chinneann an Bord gan éisteacht ó bhéal nó éisteacht ó bhéal le clár oibre teoranta a reáchtáil má thug tú tuairim i scríbhinn éistfear do thuairimí fós de bhrí go mbreithníonn an Bord gach tuairim scríofa uile a fhaightear faoi iarratas. Breithneoidh an cigire na tuairimí agus í/é ag measúnú an iarratais agus breithneoidh an Bord í agus a chinneadh á dhéanamh aige.

### Cruinnithe

Féadfaidh an Bord cruinniú a thionól leis an iarratasóir nó le haon duine eile a mheasann an Bord a bhfuil faisnéis ábhartha aige faoin gcás. Féadfaidh an Bord a chinneadh éisteacht ó bhéal agus cruinniú a thionól sa chás céanna. Is féidir cruinniú a ghairm agus a thionól roimh éisteacht ó bhéal nó dá éis.

An Bord amháin a fhéadann cruinniú a ghairm. Ní féidir le hiarratasóir nó le duine a thugann tuairim cruinniú a iarraidh.



## Eolas eile nó eolas breise

Tá cumhachtaí ag an mBord faisnéis bhreise a iarraidh ar an iarratasóir agus ar dhaoine eile faoin iarratas má mheasann sé go bhfuil sé oiriúnach. Uaireanta féadfaidh sé a mheas go mbeadh sé oiriúnach aon cheann nó níos mó de na rudaí seo a leanas a iarraidh:

- Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta athbhreithnithe nó Ráiteas Tionchair Natura athbhreithnithe ón iarratasóir
- aighneachtaí breise:
  - ón iarratasóir,
  - ó dhuine ar bith a thug tuairim faoin iarratas, nó
  - duine ar bith eile lena n-áirítear comhlachtaí forordaithe a bhféadfadh faisnéis ábhartha a bheith acu.

Nuair a fhaigheann an Bord Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta, Ráiteas Tionchair Natura athbhreithnithe, nó tuilleadh faisnéise, féadfaidh sé a mheas go bhfuil faisnéis bhreise shuntasach sa Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta, Ráiteas Tionchair Natura nó tuilleadh faisnéise maidir le héifeachtaí na forbartha beartaithe ar an gcomhshaol. Sa chás seo, déanfaidh an Bord:

- an Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta, Ráiteas Tionchair Natura athbhreithnithe nó an fhaisnéis bhreise a chur ar fáil lena léamh, agus
- aighneachtaí breise a iarraidh laistigh de thréimhse shonraithe agus fógra a thabhairt faoi na hábhair sin.

Cé go bhfuil sé de chumhacht ag an mBord Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Natura athbhreithnithe nó tuilleadh faisnéise a iarraidh, ní i gcónaí a iarrtar iad. Ba chóir d'aon duine a thugann tuairim a chuid argóintí iomlána a dhéanamh ar an gcás ina dtuairim.

## Cinneadh an Bhoird

### Na rudaí a chuireann an Bord san áireamh agus iarratas á chinneadh

Déanann an Bord cinntí ar iarratais bonneagair straitéisigh faoi mar a dhéantar i gcásanna eile ar nós achomhairc phleanála. Dá bhrí sin, breithníonn an Bord:

- pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair,
- na héifeachtaí, más ann dóibh, a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol
- na héifeachtaí, más ann dóibh, a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar láithreán Eorpach nuair is infheidhme
- beartais agus cuspóirí an phlean / na bpleananna forbartha áitiúla,
- treoirlínte pleanála an Aire,
- straitéis réigiúnach spásúlachta agus eacnamaíochta,
- an Creat Náisiúnta Pleanála
- beartais agus cuspóirí an Rialtais,
- an leas náisiúnta,
- an t-iarratas,
- aon eolas breise a fhaightear tar éis iarraidh ón mBord,
- the Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta, más cuí,
- an Ráiteas Tionchair Natura, más cuí,
- aon tuairim nó aighneacht a fhaigheann an Bord faoin iarratas,
- tuarascáil an údaráis / na n-údarás pleanála áitiúil, lena n-áirítear aon mholtaí a chuirfidh comhaltaí tofa an údaráis isteach, agus
- tuarascáil agus moladh chigire an Bhoird ar an iarratas
- an fhaisnéis a fuarthas ag an éisteacht ó bhéal.

## **Sárú ábhartha ar phlean forbartha áitiúil**

Breithneoidh an Bord beartais agus cuspóirí an phlean forbartha áitiúil agus a chinneadh á dhéanamh aige. Má chlúdaíonn an t-iarraitas níos mó ná limistéar údaráis áitiúil amháin, breithneoidh an Bord na pleananna forbartha áitiúla ábhartha go léir. Mar sin féin, tá sé de chumhacht ag an mBord gan cuid de na pleananna forbartha seo a leanúint ag brath ar chúinsí an cháis. Sárú ábhartha a thugtar air seo.

## **Moladh an chigire**

Ullmhóidh cigire tuarascáil agus moladh don Bhord i ngach cás. Caithfidh an Bord tuarascáil agus moladh an chigire a mheas. **Ní** cheanglaítear ar an mBord, áfach, glacadh le moladh an chigire agus tá sé de chumhacht aige rud éigin difriúil a chinneadh ón méid a mhol an cigire.

In aon chás nach nglacann an Bord le moladh an chigire deonú nó diúltú, luafaidh an Bord an chúis nár ghlac sé leis an moladh. Uaireanta féadfaidh an Bord glacadh leis an moladh ginearálta a bhaineann le cead a dheonú nó a dhiúltú, ach is féidir leis:

- cinneadh a dhéanamh codanna den fhorbairt a bheartaítear a athrú nó a bhaint,
- ceann amháin, cuid de na coinníollacha nó na coinníollacha go léir a ghabhann le deonú ceada a athrú, nó
- athraigh na cúiseanna le diúltú.

## **An tréimhse ama chun cinneadh a dhéanamh**

Tá cuspóir reachtúil ag an mBord cásanna a chinneadh laistigh de 18 seachtaine. Tosaíonn an tréimhse ocht seachtaine déag seo ar an lá deireanach don Bhord Pleanála tuairimí a fháil ón bpobal. Cuimsíonn an tréimhse ocht seachtaine déag an tréimhse inar féidir éisteacht ó bhéal a thionól. Cuimsíonn an tréimhse freisin aon iarraidh ar bhreis faisnéise nó Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Natura athbhreithnithe.

Nuair nach féidir nó nach iomchuí don Bhord cinneadh a dhéanamh ar an gcás laistigh den chreat ama ocht seachtaine déag, scríobhfaimid chuig gach rannpháirtí sa chás agus tabharfaimid dáta athbhreithnithe nuair a bheartaíonn an Bord cinneadh a dhéanamh.

### **Fógra faoi chinneadh an Bhoird**

Scríobhfaimid chuig na rannpháirtithe uile sa chás le cinneadh an Bhoird a chur in iúl dóibh. Leis an bpost a sheolfar an litir. Cuirfear an cinneadh ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

## Tar éis don Bhord a chinneadh a dhéanamh

### Athruithe ar fhorbairt tar éis dó cead pleanála nó ceadú a fháil

Féadfaidh duine atá ag déanamh nó ag pleanáil forbairt bonneagair straitéisigh a dhéanamh cead a iarraidh ón mBord le haghaidh athruithe ar fhorbairt. Beidh deonú ceada nó ceadú faighte ón mBord cheana féin ag an bhforbairt seo.

|  |   |
|--|---|
| 1. Athrú   | Athrú beartaithe a mheastar a bheith suntasach agus nach dteastaíonn comhairliúchán poiblí uaidh.   |
| 2. Athrú ábhartha (ní dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha aige ar an gcomhshaol) | Athrú beartaithe nach meastar go mbeidh éifeachtaí suntasacha aige ar an gcomhshaol. Sa chás seo féadfaidh an Bord athrú a cheadú tar éis an fhaisnéis faoin athrú iarrtha a chur ar fáil lena iniúchadh. Tá sé de chumhacht ag an mBord cuireadh a thabhairt d'aon duine (lena n-áirítear baill den phobal) aighneachtaí a dhéanamh faoin iarraidh.  |
| 3. Athrú ábhartha (ar dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha aige ar an gcomhshaol) | Athrú beartaithe a mheastar go mbeidh éifeachtaí suntasacha aige ar an gcomhshaol. Ceanglóidh an Bord ar an iarratasóir Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a ullmhú faoin athrú atá beartaithe agus é a chur faoi bhráid an Bhoird. Beidh na gnáthnósanna imeachta EIA i bhfeidhm ansin a chuimseoidh céimeanna mar: <ul style="list-style-type: none"><li>• fógra poiblí faoi Thuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta, agus</li><li>• iarraidh ar aighneachtaí ón bpobal chuig an mBord.</li></ul> |

#### 4. Earráidí in Orduithe Boird a shoiléiriú nó a cheartú

Féadfaidh an Bord a chinneadh a leasú má mheasann sé go bhfuil:

- a. earráid chléireachais san Ordú Boird, nó
- b. ba chóir go gceadófaí sa chead nó sa cheadú riachtanas chun soiléiriú a dhéanamh ar a raibh beartaithe ag an mBord

Ní cheadaítear sa cineál athraithe seo athruithe suntasacha a dhéanamh ar an bhforbairt a ceadaíodh sa deonú ceada nó sa cheadú.

Féadfaidh an Bord aighneachtaí a iarraidh faoi na hathruithe atá beartaithe sula gcinneadh sé cinneadh a leasú nó gan é a leasú.

Ag brath ar a bhfuil beartaithe a athrú nó a leasú, leanfaidh an Bord Pleanála an próiseas ábhartha riachtanach. Féadfaidh an Bord a chinneadh aontú nó easaontú leis na hathruithe atá beartaithe ag an iarratasóir.

#### **Sonraí a aontú**

I gcás forbartha 7ú Sceideal, is féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh cead a thabhairt d'fhorbairt.

Mar chuid den chead a thabhairt, féadfaidh an Bord coinníollacha a áireamh chun an fhorbairt a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbeadh comhaontú idir an duine atá i mbun na forbartha agus an t-údarás pleanála a bhfuil an fhorbairt á déanamh ina limistéar ina shonra de choinníoll amháin nó níos mó. Ní mór an comhaontú a theorannú do na pointí a shonraítear i gcoinníoll an Bhoird.

Murar féidir leis an údarás pleanála agus an duine atá i mbun na forbartha teacht ar chomhaontú maidir le mionsonraí nó mionsonraí, is féidir an t-ábhar a tharchur chuig an mBord Pleanála. An Bord Pleanála a chinnfidh an t-ábhar ansin.

### **Cinneadh an Bhoird a achomharc**

Ní féidir achomharc pleanála a dhéanamh ar chinneadh an Bhoird maidir le cás bonneagair straitéisigh.

### **Ag féachaint ar an gcáschomhad cinnte: rochtain phoiblí**

Féadfaidh aon bhall den phobal an cáschomhad iomlán a fhaighimid a iniúchadh ar feadh cúig bliana ar a laghad laistigh de thrí lá tar éis don Bhord Pleanála an cinneadh a dhéanamh. Tá cóip d'Ordú agus de Threoir an Bhoird agus tuarascáil an Chigire ar fáil ar an suíomh Gréasáin seo freisin. Is féidir cóipeanna d'aon doiciméid ar an gcomhad a cheannach ag oifigí an Bhoird agus is féidir grianghraif a thógáil d'fhormhór na ndoiciméad ar cháschomhad. Ní féidir faoi lathair féachaint ar chomhaid cás cinnte ar ár suíomh gréasáin ach tá súil againn go mbeimid in ann iad a chur ar fáil anseo sul i bhfad.

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar an tslí le cáschomhaid chinnte a fheiceáil inár dtreoir eolais “Féachaint ar cháschomhaid chinnte: Rochtain an Phobail”.

### **Athbheithniú Breithiúnach**

Is é cinneadh an Bhoird an cinneadh pleanála deiridh ar an iarratas. Is féidir, áfach, iarraidh ar chúirt athbheithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinneadh an Bhoird. Athbheithniú breithiúnach is ea é nuair a dhéanann breitheamh athbheithniú ar ghníomhartha an Bhoird Pleanála féachaint ar leanamar na rialacha agus na nósanna imeachta a chaithfidh a leanúint chun go mbeimid in ann cinneadh a dhéanamh. Má chinneann breitheamh nár chuir muid na rialacha agus na nósanna imeachta i bhfeidhm i gceart agus cinneadh á dhéanamh againn, féadfaidh an breitheamh cinneadh an Bhoird a chur ar ceal nó iarraidh ar an mBord

athmhachnamh a dhéanamh ar an gcás. Ach ní bhreithneoidh an breitheamh an cás ó thaobh na pleanála de.

Chun athbhreithniú breithiúnach a iarraidh, ní mór duit iarratas a dhéanamh faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe). Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcaithfear aon dúshlán a dhéantar a dhéanamh de ghnáth laistigh de 8 seachtaine ó chinneadh ábhartha an Bhoird. Mar sin féin, féadfar síneadh ama a cheadú i gcásanna áirithe.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas athbhreithnithe breithiúnaigh a fháil sa doiciméad athbhreithniú breithiúnach ar chinntí pleanála ar an suíomh gréasáin seo nó ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh [www.citizensinformation.ie/ga/](http://www.citizensinformation.ie/ga/) Is féidir go mbeidh fonn ort comhairle dlí a iarraidh, leis.

### **Gearáin faoin tslí a phléigh an Bord leis an tionscadal**

Tá córas dea-phoiblithe, inrochtana, trédhearcach agus éasca le húsáid ag an mBord Pleanála chun déileáil le gearáin faoi cháilíocht ár seirbhíse. Tá sonraí an chórais leagtha amach ina Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí. Déileálfar go cothrom agus go neamhchlaonta le gach gearán agus tá meicníocht achomhairc i bhfeidhm.



## Costais

Le linn iarratais, d'fhéadfadh go mbeadh costais ar rannpháirtithe i gcás i dtaca le tuairim a thabhairt ar an iarratas. Tá sé de chumhacht ag an mBord ranníocaíocht a dhámhachtain i leith costais réasúnta. Tá sé de chumhacht ag an mBord cinneadh a dhéanamh faoi na costais atá réasúnta agus is féidir leis a chinneadh na costais go léir, cuid díobh nó aon cheann de na costais a iarrann an rannpháirtí a dhámhachtain.

Bíonn feidhm ar iarrataí ar chostais sna cásanna seo a leanas:

- cásanna 7ú Sceideal,
- cásanna tarchuir leictreachais,
- cásanna bonneagair gáis,
- cásanna tionscadail iarnróid,
- cásanna forbartha urraithe ag údaráis áitiúla,
- cásanna de cheannach éigeantach údaráis áitiúil,
- forbairtí bóthair, agus
- ceannach éigeantach a bhaineann le hAcht Gáis 1976 agus le hAcht Loingseoireachta Aeir 1998.

I gcás cásanna 7ú Sceideal, tarchur leictreachais agus bonneagar gáis, caithfidh an Bord an dámhachtain costas a dhéanamh ag an am céanna a dhéanann sé a chinneadh ar an iarratas pleanála. Dá bhrí sin, de ghnáth iarrfaidh an Bord aighneachtaí ó na rannpháirtithe ábhartha faoi dhámhachtain costas. De ghnáth déanfar an iarraidh seo ag céim idirmheánach den chás. Mar shampla: tar éis éisteacht ó bhéal a bheith críochnaithe, má tionóladh ceann. Socrófar tréimhse ama inar féidir iarratais ar chostais a sheoladh chuig an mBord. Ní ghlacfaidh an Bord le hiarratais ar chostais tar éis na tréimhse ama seo.

In iarratais ar ordú iarnróid, is féidir iarratais ar aisghabháil costas a phróiseáil tar éis don Bhord a chinneadh a dhéanamh.

## **A chinntiú go leantar cinneadh an Bhoird: Forfheidhmiú**

Nuair a bheidh a chinneadh déanta ag an mBord, seolfar cóip d'Ordú an Bhoird chuig gach rannpháirtí sa chás agus foilseofar í ar ár suíomh Gréasáin. Uaireanta seolfar cóip de Threoir an Bhoird chuig na rannpháirtithe sa chás. Gheobhaidh an t-údarás pleanála don limistéar ina bhfuil an chás cóip den Ordú Bhoird dá thaifid. Seo deireadh ról an Bhoird Phleanála i dtaca leis an bhforbairt.

Seachas Orduithe Iarnróid, ní thugann an dlí an fhreagracht don Bhord Pleanála a chinntiú go bhfuil cinntí á n-urramú agus á leanúint. Forfheidhmiú a thugtar air seo. Níl cumhachtaí againn chun a chinntiú go bhfuil cinntí an Bhoird á leanúint nó á gcomhlíonadh. Ina áit sin tá an t-údarás pleanála áitiúil freagrach as coinníollacha Ordú an Bhoird a léirmhíniú agus as a chinntiú go ndéantar cinneadh an Bhoird.

Má tá imní ort nach bhfuil cinneadh an Bhoird á leanúint nó á chomhlíonadh, déan teagmháil le rannóg forfheidhmithe an údaráis phleanála áitiúil. Ní mór d'údarás pleanála iar-obair a dhéanamh ar fhíorghearáin a dhéanann baill den phobal air maidir le forbairt neamhúdaraithe lena n-áirítear neamhchomhlíonadh cinntí pleanála.

An t-údarás pleanála a dhéanfaidh gearáin maidir le forbairt neamhúdaraithe a imscrúdú. I gcásanna ina meastar nach bhfuil an t-údarás pleanála ag déanamh iar-oibre ar fhíorghearán maidir le forbairt / forfheidhmiú neamhúdaraithe, d'fhéadfadh go mbeadh an tOmbudsman nó Oifig an Rialtóra Pleanála toilteanach cuidiú leis an gceist a réiteach. I gcásanna áirithe, féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte nó na Cúirte Cuarda ar urghaire i ndáil le forbairt neamhúdaraithe. Gheofar tuilleadh faisnéise ón tSeirbhís Faisnéise do Shaoránaigh nó iarr comhairle dlí.

I gcás ina ndeonaíonn an Bord iarratas ar ordú iarnróid, féadfaidh an Bord an t-ordú a chúlghairm má mhainnítear nó má dhiúltaítear coinníoll, srian nó ceanglas a shonraítear san ordú iarnróid a chomhlíonadh. Féadfaidh aon duine scríobh chuig an mBord má mheasann siad nach bhfuil ordú an Bhoird á chur i bhfeidhm de réir an deontais agus déanfaidh an Bord iar-obair ar an ábhar.

## Cineálacha forbartha bonneagair straitéisigh

Tugann an achoimre seo breac-chuntas ar na cásanna a ndéantar cur síos orthu mar fhorbairt bonneagair straitéisigh. Moltar duit na sonraí iomlána a lorg sa reachtaíocht ábhartha.

## Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt

### Catagóir 1: Seachtú Sceideal FBS

|                     |  |
|---------------------|--|
| <b>Alt 37A/37E</b>  | Iarratas ar chead le haghaidh forbairt bheartaithe a shonraítear sa Seachtú Sceideal. Chinn an Bord roimhe seo go gcáilíonn an fhorbairt a bheartaítear mar fhorbairt bonneagair straitéisigh trí na critéir atá leagtha amach in alt 37A a chomhlíonadh. Déantar an t-iarratas go díreach chuig an mBord. |
| <b>Alt 37B</b>      | Iarraidh chun comhairliúchán éigeantach réamhiarratais a oscailt leis an mBord faoi fhorbairt bheartaithe Seachtú Sceideal.  |
| <b>Alt 37D</b>      | Iarraidh ó iarratasóir ionchasach Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a scóipeáil le haghaidh forbairt beartaithe Seachtú Sceideal a measadh a bheith ina bhonneagar straitéiseach.   |
| <b>Alt 37G (10)</b> | Tarchur chuig an mBord chun mionsonraí a bhí le comhaontú idir forbróir agus an t-údarás pleanála a chinneadh faoi théarmaí coinníll a ghabhann le deonú ceada (faoi alt 37G) agus nár comhaontaíodh amhlaidh.   |

**Catagóir 2: Forbairtí stáit a éilíonn measúnacht tionchair timpeallachta / measúnú oiriúnachta**

|   |   |
|---|---|
| <p><b>Alt 181A/181B</b></p>   | <p>Iarratas ar cheadú ó údarás stáit i leith aicmí áirithe forbartha beartaithe a shonraítear in airteagal 86 de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001. Éilíonn an t-iarratas measúnú tionchair timpeallachta nó measúnú oiriúnachta (mar shampla: slándáil íogair agus forbairt bheartaithe eile den sórt sin).</p>                       |
| <p><b>Alt 181C(1)</b></p>   | <p>Iarratas ó iarratasóir ionchasach comhairliúcháin éigeantacha réamhiarratais a oscailt leis an mBord faoi fhorbairt bheartaithe a chumhdaítear le halt 181A.</p>   |
| <p><b>Alt 181C(3)(a)</b></p>  | <p>Iarratas ó iarratasóir ionchasach ar chinneadh ón mBord ar cibé an dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag forbairt nó forbairt bheartaithe d'aicme atá leagtha amach in airteagal 86 ar an gcomhshaol agus mar sin go mbeadh gá le measúnú tionchair timpeallachta nó measúnú oiriúnachta maidir leis faoin Treoir maidir le Gnáthoga.</p> |
| <p><b>Alt 181C(3)(b)</b></p>  | <p>Iarraidh ó iarratasóir ionchasach chun Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta (Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta) nó ráiteas tionchair Natura (Ráiteas Tionchair Natura) beartaithe a scóipeáil maidir le forbairt bheartaithe a chuimsítear le halt 181A.</p>  |
| <p><b>Alt 181B(2)</b></p>   | <p>Deonú díolúine ón mBord maidir le forbairt bheartaithe a chumhdaítear faoi alt 181A ón gceanglas Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta nó Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú.</p>  |
| <p><b>Airteagal 123A de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001, leasaithe</b></p> | <p>Iarraidh ar an mBord a chinneadh an dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag forbairt Stáit fo-thairseach beartaithe faoi alt 181 ar an gcomhshaol as a leanfadh an gá le Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus iarratas ar cheadú faoi alt 181A chuig an mBord.</p>   |

|   |   |
|---|---|
| <b>Alt 254 de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001, leasaithe</b> | Iarraidh ar an mBord a chinneadh an dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag forbairt Stáit fo-thairseach beartaithe faoi alt 181 ar an gcomhshaol as a leanfadh an gá le measúnú oiriúnachta agus iarratas ar cheadú faoi alt 181A chuig an mBord. |
|---|---|

### Catagóir 3: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Tarchuir Leictreachais

|                    |   |
|--------------------|---|
| <b>Alt 182A</b>    | Iarratas ar cheadú na forbartha beartaithe a bheidh comhdhéanta de, nó chun críocha tarchuir leictreachais, mar a shainmhínítear i bhfo-alt (9) d'alt 182A.       |
| <b>Alt 182B(2)</b> | Deonadh díolúine ón mBord maidir le forbairt bheartaithe a chumhdaítear faoi alt 182A ón gceanglas Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a ullmhú.       |
| <b>Alt 182E(1)</b> | Iarratas ó iarratasóir ionchasach chun comhairliúcháin éigeantacha réamhiarratais a oscailt leis an mBord faoi fhorbairt bheartaithe a chumhdaítear le halt 182A. |
| <b>Alt 182E(3)</b> | Iarraidh ó iarratasóir ionchasach Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a scóipeáil le haghaidh forbairt bheartaithe a chumhdaítear le halt 182A.        |

### Catagóir 4: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Gáis

|                    |   |
|--------------------|---|
| <b>Alt 182C</b>    | Iarratas ar cheadú d'fhorbairt bonneagair straitéisigh gáis atá beartaithe mar a shainmhínítear in alt 2(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a cuireadh isteach le halt 6 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006). |
| <b>Alt 182D(2)</b> | Deonadh díolúine ón mBord maidir le forbairt bheartaithe a chumhdaítear faoi alt 182C ón gceanglas Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a ullmhú.   |

|                    |   |
|--------------------|---|
| <b>Alt 182E(1)</b> | Iarratas ó iarratasóir ionchasach chun comhairliúcháin éigeantacha réamhiarratais a oscailt leis an mBord maidir le forbairt bheartaithe a chumhdaítear le halt 182C. |
| <b>Alt 182E(3)</b> | Iarraidh ó iarratasóir ionchasach Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a scóipeáil le haghaidh forbairt bheartaithe a chumhdaítear le halt 182C.            |

### **Catagóir 5: Forbairt Bonneagair Straitéisigh Údaráis Áitiúil**

|   |  |
|---|--|
| <b>Alt 175</b>  | Iarratas ar cheadú d'fhorbairt atá beartaithe ag údarás áitiúil a éilíonn measúnú tionchair timpeallachta laistigh de limistéar feidhme an údaráis áitiúil ábhartha (seachas forbairtí bóthair).                       |
| <b>Alt 175(8)</b>   | Deonadh díolúine ón mBord maidir le forbairt bheartaithe a chumhdaítear faoi alt 181A ón gceanglas Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a ullmhú.  |
| <b>Alt 117 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2001, leasaithe.</b>          | Iarraidh ó iarratasóir ionchasach Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a scóipeáil le haghaidh forbairt bheartaithe a chumhdaítear le halt 175.  |
| <b>Alt 120(3) de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha (Leasaithe) 2001</b> | Iarraidh ar an mBord a chinneadh an dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt beartaithe údaráis áitiúil fo-thairseach ar an gcomhshaol agus dá bhrí sin go mbeadh gá le measúnú tionchair timpeallachta. |
| <b>Alt 226 – Forbairt Urthrá</b>  | Iarratas ar cheadú na forbartha beartaithe ag údarás áitiúil a bheartaítear a dhéanamh go hiomlán nó go páirteach ar an urthrá agus a éilíonn measúnú tionchair timpeallachta.   |
| <b>Alt 175(8)</b>   | Deonú díolúine ag an mBord maidir le forbairt bheartaithe ón gceanglas Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a ullmhú d'fhorbairt bheartaithe a chumhdaítear le halt 226.                                     |



|                   |  |
|-------------------|--|
| <b>Alt 226(6)</b> | larrann údarás áitiúil nó an tAire atá freagrach as an ábhar ar an mBord a chinneadh an dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol ag forbairt údaráis áitiúil fo-thairseach a bheartaítear a dhéanamh go hiomlán nó go páirteach ar an urthrú agus dá bhrí sin a mbeadh gá le measúnú tionchair comhshaoil maidir leis. |
|-------------------|--|

### Athruithe ar fhorbairtí ceadaithe bonneagair straitéisigh

|                 |  |
|-----------------|--|
| <b>Alt 146B</b> | Is foráil ghinearálta í seo a bhaineann le forbairt bonneagair straitéisigh lena ndéantar foráil maidir le hiarraidh ar an mBord ó dhuine atá ag déanamh nó ag beartú forbairt bonneagair straitéisigh a dhéanamh chun téarmaí forbartha atá ceadaithe cheana a athrú. |
| <b>Alt 146C</b> | Cinneadh ón mBord ar iarraidh ar athrú faoi alt 146B i gcás gur ordaigh an Bord go n-ullmhófaí Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta i leith an athraithe atá beartaithe.   |
| <b>Alt 146D</b> | Iarratas ar leasú nó ar athrú i dtaobh oibreacha iarnróid a chumhdaítear le hordú iarnróid.  |

## Na hAchtanna um Bóithre

### Forbairt Bonneagair Straitéisigh faoi Acht na mBóithre 1993

De ghnáth clúdaíonn sé seo mórtograí bóthair ó údaráis bóithre (lena n-áirítear Bonneagar Iompair Éireann) lena n-áirítear mótarbhealaí agus forbairtí bóthair eile a éilíonn measúnú tionchair timpeallachta.

|               |  |
|---------------|--|
| <b>Alt 49</b> | Iarratas ó údarás bóthair ar cheadú do scéim mhótarbhealaigh, scéim limistéar seirbhíse, scéim busbhealaigh, scéim bóthair chosanta nó scéim bóthair chosanta lena leasaítear scéim cheadaithe bóthair chosanta. |
|---------------|--|

|                     |   |
|---------------------|---|
| <b>Alt 51</b>       | Iarratas ó údarás bóthair ar cheadú d'fhorbairt bóthair beartaithe.   |
| <b>Alt 50(1)(b)</b> | Treorú ón mBord d'údarás bóthair chun Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a ullmhú faoi fhorbairt bóthair fo-thairseach beartaithe i gcás ina measann an Bord gur dóigh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt ar an gcomhshaol agus dá bhrí sin go mbeadh gá le measúnú tionchair timpeallachta.  |
| <b>Alt 50(1)(c)</b> | Cuireann an t-údarás bóthair in iúl don Bhord go gcreideann sé gur dóigh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag forbairt bóthair fo-thairseach bheartaithe ar an gcomhshaol. Caithfidh an Bord a chinneadh cibé an dtagann sé le tuairim an údaráis bhóthair agus má dhéanann sé tabharfaidh sé treoir faoi alt 50 (1) (b) don údarás bóthair chun Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a ullmhú. |
| <b>Alt 50(4)</b>    | Iarraidh chuig an mBord ó údarás bóthair chun Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a scópáil i leith na forbartha bóthair atá beartaithe.   |
| <b>Alt 51A</b>      | Iarraidh ó údarás bóthair nó ó Bhonneagar Iompair Éireann dul i mbun comhairliúcháin réamhiarratais faoi fhorbairt bóthair atá beartaithe.  |

## Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930

### Feidhmeanna an Bhoird faoi na hAchtanna Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 - 2004

Thug an tAcht um Shéadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004 forálacha nua isteach a bhaineann le nósanna imeachta i gcás ina dtagtar ar shéadchomhartha náisiúnta le linn forbairt cheadaithe bóthair a dhéanamh nuair nár déileáladh leis an rud céanna sa bhuncheadú / Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta don bhóthar. Baineann na luanna le hailt nua d'Acht 1930 a cuireadh isteach le hAcht 2004.

|                   |  |
|-------------------|--|
| <b>Alt 14B(3)</b> | Cinneadh ón mBord i dtaobh an ionann athruithe ábhartha ar fhorbairt bóthair cheadaithe a cheanglaítear le hordú Aire maidir le séadchomhartha náisiúnta agus athrú ábhartha ar fhorbairt bóthair cheadaithe.  |
| <b>Alt 14B(8)</b> | Cinneadh an Bhoird tar éis dó Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a fháil agus a bhreithniú ag clúdach athrú ar fhorbairt bóthair cheadaithe a chinn an Bord gur athrú ábhartha é ar an mbóthar ceadaite agus ar dóigh go mbeidh éifeachtaí díobhálacha suntasacha aige ar an gcomhshaol. |

## An tAcht Iompair (Bonnegair Iarnróid) 2001

### Forbairt Bonneagair Straitéisigh faoin Acht Iompair (Bonnegair Iarnróid) 2001

|                |   |
|----------------|---|
| <b>Alt 37</b>  | Iarratas ar ordú iarnróid ón Údarás Náisiúnta Iompair, Bonneagair Iompair Éireann, CIÉ nó aon duine eile le toiliú an Údaráis Náisiúnta Iompair.                              |
| <b>Alt 47B</b> | Iarraidh ó iarratasóir ionchasach chun comhairliúcháin éigeantacha réamhiarratais a oscailt faoi oibreacha iarnróid beartaithe a bheidh faoi réir iarratais ar ordú iarnróid. |

|                  |   |
|------------------|---|
| <b>Alt 39(3)</b> | Iarraidh Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta a scóip le haghaidh oibreacha iarnróid a bheidh faoi réir iarratais ar ordú iarnróid. |
| <b>Alt 43(6)</b> | Aisghairm ordú iarnróid ag an mBord.  |

## Reachtaíocht

Seo iad na dlíthe agus na rialacháin dár tagraíodh sa doiciméad seo:

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe,
- Na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001, leasaithe.
- Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930, leasaithe.
- Acht na mBóithre, 1993, leasaithe.
- An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001, leasaithe.

## Déan teagmháil linn

Má tá an doiciméad seo uait i bhformáid eile nó má tá eolas eile uait, déan teagmháil leis an mBord Pleanála.

|                                 |   |
|---------------------------------|---|
| Buail isteach inár n-oifigí ag: | <b>An Bord Pleanála</b>   |
| Scríobh chugainn ag:            | <b>64 Sráid Mhaoilbhríde</b><br><b>Baile Átha Cliath 1</b><br><b>D01 V902</b> |
| Cuir glao gutháin orainn ag:    | (01) 858 8100 nó<br>Glao áitiúil: 1890 275 175                                |
| Ríomhphost:                     | <a href="mailto:sids@pleanala.ie">sids@pleanala.ie</a>                        |
| Oscail ár suíomh gréasáin:      | <a href="http://www.pleanala.ie">www.pleanala.ie</a>                          |
| Seol facs chugainn:             | (01) 872 2684   |

An t-eagrán seo: Feabhra 2021